An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Tuairisc ar Chigireacht Leantach

# Coláiste Feirste
# Béal Feirste

## Dáta na Cigireachta: Feabhra 2009

**TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I GCOLÁISTE FEIRSTE, BÉAL FEIRSTE, BT12 7PY (124-0291)**

Sa tsainchigireacht a rinneadh i bhFeabhra 2007 tugadh aird ar leith ar láidreachtaí agus ina measc bhí:

- an bhéim a cuireadh ar fhéinmheas na ndaltaí a mhéadú;
- dílseacht na foirne d'éiteas na scoile;
- na torthaí maithe a ghnóthaigh an scoil i scrúduithe an Teastais Ghinearálta Meánoideachais (TGM); agus
- na naisc láidre idir an scoil agus gníomhaireachtaí seachtracha agus an pobal áitiúil.

Aithníodh sa chigireacht gur ghá feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- na socruithe le haghaidh cosaint páistí a dhéanamh de réir threoir na Roinne Oideachais (RO);
- a chinntiú go dtabharfar tacaíocht éifeachtach do mhúinteoirí tús gairme agus do mhúinteoirí atá ag obair i réimsí taobh amuigh dá saineolas; agus
- tabhairt faoi na laigí troma i gcaighdeán agus in éifeachtacht na ceannaireachta, agus go háirithe:
    - cumarsáid níos éifeachtaí a chur chun cinn idir na daoine seo a leanas: na bainisteoirí sinsearacha, na meánbhainisteoirí, na múinteoirí agus Bord na nGobharnóirí;
    - sainmhíniú soiléir a thabhairt ar róil gach bainisteora sa scoil; agus
    - plean forbartha straitéisí a cheapadh don scoil atá dírithe ar chaighdeán na foghlama agus an teagaisc, agus é fréamhaithe sa chomhthéacs ina mbeidh an fhoireann á bhforbairt agus pleanáil mhaith airgeadais ar siúl chun a chinntiú go mbeidh an t-oideachas a bheas á sholáthar sa scoil ag freastal níos iomláine ar riachtanais na ndaltaí uile.

San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na nithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair na scoile:

- bhí ráta ard athraithe i bhfoireann na scoile;
- tá an scoil i ndiaidh tabhairt faoi chlár forbartha agus feabhsaithe i gcomhar le hoifigigh an Aonaid Oiliúna Réigiúnaigh agus le Seirbhís Chomhairleach agus Tacaíochta Churaclaim Bhord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste;
- cuireadh athstruchtúr ar fhoireann shinsearach cheannaireachta na scoile; agus
- rinneadh comhaontú le gach sealbhóir poist ar dhualgais chruinne an phoist agus ar na línte cruinne cuntasachta.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) roinnt cuairteanna faireacháin ar an scoil agus rinneadh cigireacht leantach uirthi ar 4 Feabhra 2009.

Bhí caighdeán an phlean gníomhaíochta, a rinne an scoil mar fhreagra ar chinntí na cigireachta, maith. Rinneadh coigeartú cuí ar phlean forbartha na scoile i bhfianaise chinntí na cigireachta. Comhlíonann an plean forbartha na ceanglais reachtúla mar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais.

Tá dul chun cinn mór déanta sna réimsí a bhí le feabhsú agus a aimsíodh le linn na chéad chigireachta.

Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a rinneadh ó bhí an chéad chigireacht ann:

- tá socruithe sásúla ag an scoil le daoine óga a choinneáil sábháilte;

- tá an scoil i ndiaidh múinteoir a cheapadh chun forbairt na foirne a comhordú; faoi stiúir an duine sin déanfar freastal éifeachtach ar riachtanais múinteoirí tús gairme agus múinteoirí a bheas ag obair i réimsí taobh amuigh dá saineolas;

- ceapadh múinteoir sinsearach le cumarsáid a chomhordú go hinmheánach i measc na foirne agus go seachtrach i measc phobal na scoile ina hiomláine agus idir an scoil agus an pobal i gcoitinne taobh amuigh, agus tugann an duine sin treoir éifeachtach sna réimsí sin; agus

- ceapadh comhordaitheoir nua sainriachtanas oideachais ar fhoireann shinsearach cheannaireachta na scoile. Tá obair forbartha, éifeachtach, fhorleathan ar siúl sa réimse sin. Tá an scoil i ndiaidh ionad tacaíochta agus club am lóin a bhunú. Tá tuilleadh daltaí sinsearacha páirteach sa chóras meantóireachta. Tá cur chuige fíornuálaíoch ag an scoil agus é dírithe mar is cuí ar dhóigheanna le múinteoirí a dhéanamh ábalta déileáil le riachtanais éagsúla na ndaltaí sna ranganna. Tá an scoil ag cur leis an anailís a dhéanann sí ar thorthaí foghlama na ndaltaí ó fhoinsí éagsúla agus á nascadh sin ar bhonn níos éifeachtaí le straitéisí chun torthaí foghlama níos fearr a bhaint amach.

Ó rinneadh an chigireacht tá luacháil déanta ag an scoil ar an dul chun cinn atá déanta sna réimsí a aimsíodh mar réimsí a bhí le feabhsú sa chéad chigireacht. Molann an Chigireacht go ndéanfar tuilleadh forbartha ar na próisis chun go ndíreofar níos géire ar fhéinmheastóireacht le feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

**CONCLÚID**

Sna réimsí, a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraíonn an scoil seo sásúil anois; is treise na láidreachtaí ná na réimsí sa soláthar a bhfuil feabhsú uathu.

Tá fianaise shoiléir sa scoil go bhfuil feabhsúchán déanta. Caithfear tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an phróiseas pleanála le haghaidh fhorbairt na scoile agus ar an phróiseas féinmheastóireachta sa dóigh go ndíreofar níos déine ar mhodhanna chun feabhas a chur ar fhoghlaim agus ar theagasc agus, go háirithe, chun go dtabharfar faoi na nithe is cúis leis na difríochtaí sna caighdeáin a bhaintear amach sna hábhair éagsúla.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn na scoile agus í ag tabhairt faoi na réimsí eile sin atá le feabhsú.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2009

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk